Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11034 — OMRON / KIRIN / KTS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 39/11)

1. An 20 Eanáir 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Omron Corporation ("Omron", an tSeapáin),

— Kirin Brewery ("Kirin", an tSeapáin),

— Kirin Techno-System Company ("KTS", an tSeapáin), atá faoi rialú aonair Kirin faoi láthair.

Gheobhaidh Omron agus Kirin rialú comhpháirteach ar KTS de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, rud a bheidh ina chomhfhiontar.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is monaróir Seapánach é Omron a fhorbraíonn trealamh rialaithe, córais uathoibrithe monarchan, comhpháirteanna leictreonacha, meaisíní díola ticéad agus trealamh leighis, agus a sholáthraíonn go domhanda na nithe sin,

— Is cuideachta deochanna chomhtháite í Kirin a mhonaraíonn deochanna alcólacha agus a dhíolann iad. Tá sí mar pháirt de ghrúpa atá gníomhach sna réimsí bia agus deochanna, cógaisíocht agus eolaíocht sláinte.

Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó KTS: Is monaróir Seapánach é KTS a mhonaraíonn meaisíní cigireachta lena gcuirtear córais cigireachta chuimsitheacha ar fáil i monarú buidéal, cannaí agus coimeádán eile ar fud réimse tionscal, lena n-áirítear tionscal an bhia, tionscal na ndeochanna agus tionscal na cógaisíochta.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11034 — OMRON / KIRIN / KTS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË